

A N S G E A L U I D H E

le Pádraig Ó Coigligh

Tharla, tá roint bhliadhain ó shoin, agus miosa an t-Samhraidh 'á gcur thart agam i mo cheanntar duthchais i n-Eirinn, gur bheartuigh mé -- bhi mo chuid saoire ag druidim chun deiridh ag an am -- ar lá ionlan a chaitheamh amúigh fe'n aer súl má thabharfainn aghaidh ar smuid is ar ghleo na cathrach seo arist. D'éalúigh an t-am thart le dualgaisi eile go dtí nar fhan agam acht lá amhain lé'm run a chur i ngníomh; bhi me le h-imtheacht ar na mhárrach. Go h-adhmhail b'feileamhnach an mhaidin chuige i, rian seaca agus cumhracht Fóghmhair ar an aer, agus b'eó an baile ó thuaidh amach mé i ndiaidh mo choda. Shuibhail mé liom fa luas croidheamhail corradh is trí uair a' chluig agus shuidh mé annsin ar thaoibh an bhóthair go leigfinn mo sgith seal. Ni rabhas acht socair i gceart agus toitín ar lasadh agam nuair a chonnac taistealaide eile an bothar chugam aniar. Bheannuigh muid dá cheile agus shuidh an stroinsear ar bhachta mona fa chupla slat diom. Thairg mé toitín dó agus ghaibh se buidheachas liom. Dearthá go raibh na trí sgor aige, acht niorbh iongnadh leat a chlos go raibh se deich mbliadhain nios sine ná sin, nó deich mbliadhain nios oige. Niorbh fhurast acht oiread a thomhas cé'n t-slighe bheatha a lean sé, nó a leanadh, óir niorbh i mo thuairm le breathnu air go raibh curam ar bith de'n chineál air anois. B'ait liom cota mor a bheith air lá chomh seimh leis, na nior lughá-de m'iongantas 'thabhairt fe' ndeara go raibh bróg amhain leis dubh agus a companach donn. Biadh sin uilig mar bhi, ba mhaith an sas chun cainnité e agus ni fada mhair ar gcomhradh gur innis sé sgeal chomh sonnruigheach neamh-ghnáitheach is chuala mé riamh. Seo thios anois an sgeal sin 'na fhocláibh fhéin, choimh cruinn 'is thig liom iad a thabhairt chun cuimhne i ndiaidh ar imthigh de bhliadhantaibh eadar an dá linn.

Bhí mé seal, do thoisigh sé, agus ciread de'n t-saol agam 'is cheannochadh a bhfuil d'Eirinn le feiscint ón gcnoc úd thiar, ag sineadh laimhe uaidh, agus caislean a thogaíl ar gach achra de. Gabháltas beag buailte leis an gcladach i ndeisceart na tire a bhi ag m'athair, leab gortach talmhan nach raibh cothú na dise fein i gceart ann gan trácht ar seachtar clainne. Fuair me cibe sgoluidh-eachta a bhi ag dul san am agus nuair a bhi dhá bhliadhain déag sroiste agam threig mé cursai leighinn ar fad le lámh conganta a thabhairt ar an bhfeirm. Strac mé le seo ar feadh cuig mbliadhán go rabhas tinn agus tuirseach de'n sglabhuidheacht. Bá léir dom nach bhfeadfaí an fasach san againne a thabhairt chun blátha choidhche agus thairis sin bhi smaointe mora ag borradh im intinn, brion-glóidi gheala 'ghom mhealladh, aisling áluinn 'ghom ghrioscadh dul i ngleic leis an gcinneamhaint agus mo chuid agus mo cheart a bhaint de'n t-saol mor. Bhí moran cloiste agam, agus roint léigte, ar an saol breágh a bhi aca ina Meiricea agus mheas mé m'aghaidh a thabhairt siar. Ba leasg le'm mhuinnitir sgaradh liom agus bhi cumhaidh go h-airithe ar mo mháthair nuair a noctas mo smaointe ar an gceist. 'Na dhiaidh sin cárth fhios nach é mo leas fein agus a leas uilig a dhéanfaínn ar an gcoigríoch agus níor dhiúltuigh siad a mbeannacht dom an lá d'imthigh mé. Ar Learpholl Shasana, mar a raibh drifur le'm athair, a rinne mé mo chuaird i dtosach báire. Chuaidh mé thart ag cuartú oibre gan mhoill, cé nach raibh sé ar intinn agam fanacht sa chathair sin níos fuide na b'eigin dom. Mar a tharla, ni rabhas acht seal miosa ann agus mé a' saothrú sna dugannaí nuair a tairgeadh post dom mar chongantaidhe do'n chóaire ar ghaltán a bhi ar ti seólta go Meiricea. Níl call agam a rádh gur ghlac mé go fonnmar, agus mé ar bior le h-áthas, leis an dtairisgint seo. Tri seachtmhaini 'na dhiaidh sin leag mé suil agus cos i gcead-